# Cruinniú Bord Bainistíochta Coláiste Ailigh

## Tuairisc Aontaithe

**Dáta:** 27 Feabhra 2025
**Leithscéalta:**
**Freastal ar chruinniú:** Bernadette Ní Dhuibhir, Cathaoirleach
Pádraig Mac An Bhiocaire
Seán Mac Aodha
Eiméar Mhic Íomhair
Raghnall Ó Cuinn
Blaine Ó Maolagáin
Caitlín Uí Chochláin

**Rúnaí:** Seán Mac Suibhne
**Rúnaí Taifeadta:** Mairéad Uí Dhochartaigh

| | |
|---|---|
| **1** | **Fáilte**<br><br>Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh na baill úra den Bhord, Seán Mac Aodha, Eiméar Nic Íomhair agus Raghnall Ó Cuinn.  Guíodh achan rath ar obair an bhoird ó seo go deireadh na bliana. |
| **2** | **Miontuairiscí ón chruinniú deireanach**<br><br>Glacadh leis na miontuairiscí ón chruinniú ar an 22 Eanáir 2025. |
| **3** | **Tuarascáil an Phríomhoide**<br><br>Thug an Príomhoide buiochas do na Príomhoidí Cúnta i agus ii as ucht a gcuid tacaíochta agus do Mhairéad Uí Dhochartaigh san oifig as an obair sa bhreis atá a dhéanamh aici fosta.<br>**Cúntóir Teanga**: Ceapadh Briain Proctor mar chúntóir teanga faoi scéim atá á reáchtáil ag Glór na nGael.<br>**Meantóireacht**: meantóireacht rialta ar siúl idir daltaí agus daltaí, agus  idir daltaí agus múinteoirí<br>**Comórtas Gael Linn Scléip**: thaisteal grúpa dalta go Baile Átha Cliath do na babthaí ceannais de Scléip, agus bhí an bua ag Sadhb Breathnach ina comórtas.  Thréaslaigh an Bord Sadhb, agus a Múinteior ceoil, Máistreás Uí Thadhg.<br>**Ceiliúradh CA25**: Tá imeacht á eagrú ar an 25ú d'achan mí chun ceiliúradh a dhéanamh ar 25 bliain de Choláiste Ailigh.  Bhí tráth na gceist ar siúl i halla na scoile ar an 25 Feabhra.<br>**Peil Ghaelach**r: Corn Mhic A'Bhaird buaite ag foireann sinsearach na ngasúr i bpeil ghaelach inniu, comhghairdeas leis na gasúraí agus le bainisteoir foirne, Máistir Ó Gallchóir. |

| | |
|---|---|
| | **Bí Cineálta**: beidh ceardlann traenála ag an fhoireann ar an 11 Aibreán 2025. |
| **4** | **Polasaithe Scoile**<br><br>Polasaí frithbhulaíochta "Bí Cineálta" le forbairt roimh dheireadh na scoilbhliana seo. |
| **5** | **Tuarascáil na bhFochoistí Scoile**<br><br>Tuarascáil Chumainn na dTuismitheoirí: tá coiste de chumann na dtuismitheoirí, ag iarraidh líon na dtuismitheoirí ar an choiste a mhéadú. |
| **6** | **Míreanna sa Chlár Oibre Breise**<br><br>Éiteas:beidh siompósiam ann i mBaile Átha Cliath i mí na Bealtaine. |
| **7** | **Aon Ghnó Eile (AGE)**<br><br>Thréaslaigh na baill den Bhord Máistir Seán Ó Gallachóir agus foireann na ngasúr maidir le Corn Mhic A'Bhaird a bhaint inniu. |